



European Digital Media Observatory

ÓN PHAINDÉIM GO DTÍ AN CHOGADH SAN ÚCRÁIN: BLIAIN GO LEITH DE CHUR I GOINNE NA BRÉAGAISNÉISE



Eagrán speisialta faisnéis - Líonra dearbhú fíricí EDMO

Foilsithe i mí Feabhra 2023

LÍONRA LÁIDIR ATÁ AG FÁS

Tá sé mar aidhm ag líonra dearbhú fíricí EDMO comhoibriú níos láidre a chothú idir **eagraíochtaí dearbhú fíricí Eorpacha**, chun cumarsáid thapa éifeachtach a éascú eatarthu agus, a bhuíochas le comhiarrachtaí, aschur éagsúla dearbhú fíricí a tháirgeadh. Ceannt de na príomh-aschuir a bhí aige ná **gearrchuntas míosúil ar bhréagaisnéis ag leibhéal an AE**.


Nuair a foilsíodh an chéad fhaisnéis, i mí Iúil 2021, bhí 13 eagraíocht dearbhú fíricí sa líonra EDMO, a chlúdaíonn 18 mBallstát an AE. Sna míonna ina dhiaidh sin d'éirigh sé níos láidre fós: nuair a foilsíodh an 18ú faisnéis, i Mí na Nollag 2022, d'fhas an líonra go 37 eagraíocht dearbhú fíricí a a chlúdaigh 25 Ballstát an AE* agus an Iorua san áireamh.




larrtar go míosúil ar bhaill an líonra eolas a thabhairt faoina gcuid oibre maidir le dearbhú firicí ag an leibhéal náisiúnta, ar mhaithe le treochtaí agus insintí i bbréagaisnéis ag leibhéal an AE a aithint. D'fhás líon na bhfreagróirí ar an cheistneoir míosúil ó 11 ar an mheán don chéad trí fhaisnéis mhíosúil (Iúil-Lúnasa- Meán Fómhair 2021) go dtí 27 ar an mheán sna trí fhaisnéis mhíosúil dheireanach (Deireadh Fómhair-Samhain-Nollaig 2022).

BRÉAGAISNÉIS SAN AE: NA PRÍOMHÁBHAIR

Ó foilsíodh é den chéad uair, tá faisnéisí míosúla EDMO tar éis sciar na **mbréagaisnéisí braite faoi COVID-19** a thomhas ar an iomlán, méid iomlán na míreanna a sheiceáil baill den líonra i mí ar leith. Ó Mhí Feabhra 2022 i leith tá **bréagaisnéis faoin chogadh san Úcráin** tomhaiste freisin, agus ó Mhí Iúil 2022 i leith bréagaisnéis a bhaineann leis an athrú aeráide chomh maith.




Meitheamh 2021, Iúil 2021, Lúnasa 2021, Meán Fómhair 2021, Deireadh Fómhair 2021, Samhain 2021, Nollaig 2021, Eanáir 2022, Feabhra 2022, Márta 2022, Aibreán 2022, Bealtaine 2022, Meitheamh 2022. Iúil 2022, Lúnasa 2022, Meán Fómhair 2022, Deireadh Fómhair 2022, Samhain 2022



Chláraigh **bréagaisnéis a bhaineann le COVID-19**, ó thosaigh monatóireacht EDMO, na céatadán is airde i Mí na Nollag 2021 (51.5% den bhréagaisnéis iomlán braite) agus Eanáir 2022 (46.5%), i gcomhfhreagras ar thonn gheimhridh 2022/2023 de chásanna a taifeadadh san AE.

Is cosúil go mbíonn bréagaisnéis an-choimhdeach le heolas go minic, ós cosúil go leanann sé treochtaí sna meáin phríomhshrutha go dlúth. Mar sin, i dtréimhse ina bhfuil borradh drámatúil i líon na gcásanna Covid-19, chlúdaigh faisnéis go forleathan an phaindéim, agus dhírigh bréagaisnéis ar an ábhar freisin



Níorbh ann de **bhréagaisnéis a bhain leis an Úcráin** go dtí tús an chogaidh, fiú má bhí tuairiscí nuachta faoi thiúchan thrúpaí na Rúise i láthair cheana féin sna meáin phríomhshrutha i mí Eanáir-Feabhra 2022. Ón 24 Feabhra, mhéadaigh líon na nuachta bréagacha faoin Úcráin go fíochmhar, agus i Mí an Mhárta bhuail céatadán na bréagaisnéise braite faoin chogadh taifead nua sa tsraith faisnéise EDMO d'aon ábhar amháin: 59% den bhréagaisnéis aimsithe iomláine.

Ó shin i leith tháinig laghdú leanúnach ar an chéatadán go dtí deireadh an tsamhraidh, agus shroich sé an pointe is ísle i Meán Fómhair 2022. I Mí Dheireadh Fómhair agus i Mí na Samhna 2022, thosaigh an céatadán ag ardú arís, fiú má tá sé i bhfad ó na leibhéil a taifeadadh sna chéad mhíonna den chogadh.




Níor shroich **bréagaisnéis a bhain leis an athrú aeráide** na beanna a braitheadh riamh faoi bhréagaisnéis a bhain leis an Úcráin agus COVID-19, de réir na n-abhcóidí EDMO. Ó thosaigh faisnéisí EDMO á thomhas (Lúil 2022), ní dheachaigh sé níos airde ná 20% den bhréagaisnéis iomlán braite. Bhain sé buaic amach i Mí Lúnasa 2022, is dócha maidir leis na tonnta teasa a bhuail an Eoraip i rith an tsamhraidh, agus ansin leath go bunúsach mar chéatadán den iomlán. Ach is fiú a thabhairt faoi deara go raibh síorábhar bréagaisnéise san AE.

BRÉAGAISNÉIS SAN AE: NA PRÍOMHÁBHAI

Gné choitianta den bhréagaisnéis a braitheadh faoin phaindéim, faoin chogadh san Úcráin agus faoin athrú aeráide, ná go mbíonn sé de nós ag na príomhscéalta leanúint ar aghaidh in am, ag aimsiú bealaí nua le teacht chun cinn. Mar shampla, i Mí na Samhna 2022 rinne Corn an Domhain i gCatar athghiniúint ar an seaninsint bhréagaisnéise faoi Úcránaigh a bheith ar son na Naitsithe.

Tá formhór mór na n-insintí bréagaisnéise a braitheadh sna bhfaisnéise míosúla EDMO nuair a thosaigh an mhonatóireacht fós gníomhach maidir le Samhain 2022 (an 18ú agus an fhaisnéis míosúil EDMO deireanach san áireamh

An Cogadh san Úcráin



Scéal na Bréagaisnéise	Tugadh le fios don chéad uair	Tugtha le fios fós
Tá cúis mhaith le hionradh na Rúise ar an Úcráin (<u>m.sh.</u> cinédhíothú ar shibhialtaigh a labhair Rúisis i Donbass)	Feabhra 2022	✓
Bolscaireacht chogaidh ar son na hÚcráine (<u>m.sh.</u> "Taibhse Chív")	Feabhra 2022	✓
Bolscaireacht chogaidh ar son na Rúise (<u>m.sh.</u> áibhéil ar éachtaí míleata na Rúise)	Feabhra 2022	✓
Is <u>Naitsíoch</u> , <u>sátanach</u> , <u>andúileach drugaí</u> , meathlóir srl é uachtarán na hÚcráine Volodymyr Zelensky	Feabhra 2022	✓
Scaipeann na meáin thraidisiúnta iarthair (m.sh. <u>BBC</u> nó <u>CNN</u>) nuacht bhréagach/íomhánna bréagacha faoin chogadh	Feabhra 2022	✓
Cur i gcéill atá i sléachtanna is measa an chogaidh (m.sh. ospidéal <u>Mariupol</u> , <u>Bucha</u> , <u>Izyum</u> , <u>Kupiansk</u>) / Is " <u>aisteoirí géarchéime</u> " iad íospartaigh na hÚcráine	Márta 2022	✓
Is Naitsithe den chuid is mó iad <u>na hÚcránaigh</u> agus <u>fórsaí na hÚcráine</u>	Márta 2022	✓

An Cogadh san Úcráin



Scéal na Bréagaisnéise	Tugadh le fios don chéad uair	Tugtha le fios fós
Is <u>gadaithe</u> agus <u>seadáin</u> iad teifigh na hÚcráine atá <u>foréigneach</u> agus <u>naitsíoch</u> , srl.	Márta 2022	✓
Tá áiseanna míleata, eacnamaíocha agus daonnúla chuig an Úcráin gan úsáid/ <u>contúirteach</u> , mar gheall ar éilliú agus neamhiontas na hÚcráine (m.sh. Díoladh airm an iarthair leis <u>an mhargadh dubh</u>)	Márta 2022	✓
Meon <u>rúisfhóibeach</u> áibhéalach i dtíortha na hEorpa (sna <u>Stáit Bhaltacha</u> go háirithe)	Márta 2022	✓
Áibhéal ar iarmhairtí eacnamaíocha, <u>sóisialta</u> , <u>polaitiúla</u> diúltacha an chogaidh sa Rúis	Márta 2022	✓
Áibhéal ar iarmhairtí eacnamaíocha diúltacha an chogaidh agus na <u>smachtbhannaí</u> san Eoraip	Márta 2022	✓
Tá comhghuaillithe na hÚcráine ar son na Naitsithe / ag teacht i dtír ar an Úcráin (m.sh. tá an Pholainn ag iarraidh larthar na hÚcráine a <u>cheansú</u> ; Tá SAM ag <u>ceannach</u> tailte na hÚcráine go saor srl.)	Márta 2022	✓



Scéal na Bréagaisnéise	Tugadh le fios don chéad uair	Tugtha le fios fós
Is <u>foláireamh</u> bréige é an phaindéim	Meitheamh 2021	Ní ✓
Níl Sars-Cov-2 chomh <u>contúirteach</u>	Meitheamh 2021	✓
<u>Teoiricí comhcheilge</u> maidir leis an domhan a bhánú/trail a bhaint as daoine/ sliseanna a chur isteach ("plandemic")	Meitheamh 2021	✓
Tá <u>vaicsíniú COVID-19</u> iontach contúirteach/marfach	Meitheamh 2021	✓
Cuirtear <u>bac</u> ar dhaoine vacsaínithe imeachtaí éagsúla a dhéanamh (m.sh. <u>Tiomáint</u>)	Meitheamh 2021	✓
Ní fiú iad <u>scrúduithe PCR</u> , <u>aghaidhmhaisc</u> agus nithe eile coisctheacha COVID-19 nach iad	Meitheamh 2021	✓
<u>Leigheasanna míorúlteacha</u> / <u>drugaí</u> i gcoinne COVID-19 gníomh míorúlteach	Meitheamh 2021	✓
Fianaise shoiléir gur <u>cruthaíodh</u> an víreas Sars-Cov-2 i saotharlann Síneach	Meitheamh 2021	✗
Tá na hagóidí i gcoinne céimeanna srianta COVID-19 <u>níos mó</u> ná mar a chuireann na meáin traidisiúnta in iúl	Iúil 2021	✗
Cur faoi chois <u>fíochmhar</u> d'agóidí/smachtbhannaí millteanacha ar dhaoine gan vacsaíniú	Iúil 2021	✓
<u>D'éirigh leis</u> na hagóidí i go leor tíortha, agus bhí ar na húdaraí na feachtais vacsaínithe a chur ar ceal	Meán Fómhair 2021	✓

Athrú Aeráide



Scéal na Bréagaisnéise

Níl athrú aeráide fíor/ní bhaineann sé le gníomhanna daonna

Cruthaíonn na meáin traidisiúnta anbhá fríd bréagaisnéis nó faoi íomhánna ionramháilte

Tá na gluiseachtaí aeráide fimíneach/bománta

Tá athnuaiteáin, athchúrsáil agus feithiclí leictreacha gan-mhaith nó contúirteach

Níl tionchar láidir ag breosla iontaise ar athrú aeráide.

Tugadh le fios don chéad uair

Iúil 2022

Iúil 2022

Iúil 2022

Iúil 2022

Lúnasa 2022

Tugtha le fios fós



GNÉITHE EILE BRÉAGAISNÉISE ÁBHARTHA

Imircigh, institiúidí an AE, pobail LADTA+

Trí na míonna a chlúdaigh faisnéisí míosúla EDMO, braitheadh ábhair shuntasacha eile bréagaisnéise, fiú mura raibh siad tomhaiste go cainníochtúil

Is targaid bréagaisnéise athfhillteach iad imircigh, eachtrannaigh – go háirithe Moslamaigh – agus mionlaigh eitneacha, cosúil le pobail LADTA+ agus polaiteoirí agus institiúidí an AE.



Príomh imeachtaí sa nuacht

Díríonn bréagaisnéis go rialta freisin ar phríomhscéal na huaire. Mar shampla, nuair a fuair **Banríon Eilís II** bás i Meán Fómhair 2022, braitheadh go leor scéalta nuachta bréagacha faoi na sochraidí ríoga, cúinsí an bháis agus mar sin de. Tharla an rud céanna le **Corn Domhanda Chatar** i mí na Samhna 2022.

De ghnáth bíonn dhá chineál ag baint le nuacht bhréagach a bhaineann le hábhair threochta sa nuacht.

- Is é an chéad cheann ná **clicmhealltaí gan foscéal ar leith**, rud nach bhfuil chomh contúirteach agus a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don bhréagaisnéis a bhfuil sé mar aidhm aige teachtaireachtaí sonracha a chur in iúl.
- Dúshaothraíonn an dara cineál an ócáid reatha chun **ionsaithe a athghiniúint i gcoinne spriocanna traidisiúnta bréagaisnéise**, i.e. cuimsíonn sé é i scéalta atá ann cheana.

Mar shampla, baineadh leas as aistarraingt na Stát Aontaithe as an Afganastáin agus as an anord sa tír i mí Lúnasa 2021 chun nuacht bhréagach a scaipeadh faoi **imircigh na hAfganastáine nach raibh iontu ach fir óga, "cladhairí" ag teitheadh ón tír** agus ag fágáil mná agus páistí ina ndiaidh. Roimh saoire an gheimhridh in 2021/2022, scaipeadh an bhréagscéal go raibh **plean gníomhaíochta ag an AE deireadh a chur leis an Nollaig**. Baineadh úsáid as an **bholgach mhoncaí** i mBealtaine 2022 chun **pobail LADTA+ a ionsaí** le nuacht bhréagach, agus tharla an rud céanna tar éis **sléacht Uvalde i Texas**. I mí Iúil 2022 bhain go leor bréagscéala úsáid as na **hagóidí a rinne feirmeoirí na hÍsiltíre** – a spreagadh de dheasc cinneadh an rialtais laghdú líon na mbeostoc a dhreasú, agus é mar aidhm acu ocsaíd nítrigine agus truailliú amóinia sa tír a laghdú faoi 2030 – chun **séanadh an athraithe aeráide** a scaipeadh. I mí Mheán Fómhair 2022 ba é bás na Banríona Eilís an síol chun bréagaisnéis a scaipeadh faoi vacsaíní COVID-19, agus **baineadh úsáid as an ghéarchéim gáis/praghsanna chun polaiteoirí náisiúnta agus AE a ionsaí**. I mí na Samhna 2022 ba é Corn Domhanda Chatar an spreagadh chun nuacht bhréagach a scaipeadh faoi **Úcránaigh a bheith ar son na Naitsithe**

Toghcháin náisiúnta i mBallstáit an AE

Go háirithe tar éis thoghcháin uachtaránachta na Stát Aontaithe 2020, bhí nuacht bhréagach faoi thoghcháin a bheith cóirithe, scannail toghcháin agus calaoisí le feiceáil i go leor tíortha san AE roimh thoghcháin náisiúnta agus ina dhiaidh. I measc na samplaí tá:



Bréagaisnéis faoi chalaois líomhnaithe le linn thoghcháin Bundestag sa Ghearmáin braitheadh i Meán Fómhair 2021(m.sh. ballóidí bréige poist, boscaí ballóide neamhshaoilta).




Tharla rud éigin den chineál chéanna sa Fhrainc, le linn thoghchán na huachtaránachta i mí Aibreáin 2022, nuair a aimsíodh nuacht bhréagach thart ar 2 mhilliún vóta ag imeacht, faoin toghchán a bheith cóirithe agus faoi chalaoisí toghcháin i go leor tíortha san Aontas Eorpach.



Scaip an cineál seo bréagaisnéise i dtíortha beaga freisin. Mar shampla i mí Dheireadh Fómhair 2022 braitheadh go leor bréagscéala ag maíomh gur sa Laitvia a braitheadh na toghcháin "goidte".

AN NUAGHT BHRÉAGACH IS VÍREASAÍ A BRAITHEADH SNA FAISNÉISÍ EDMO

Tharraing gach gearrchuntas míosúil EDMO aird ar na scéalta leis an chúrsaíocht is leithne san AE sa mhí dheireanach, bunaithe ar thuairiscí na ndearbhaithé fíricí. Is iad seo a leanas na **10 scéal is mó a scaipeadh**, le linn na 18 mí a ndearnadh anailís orthu:

<i>Nuacht bhréagach</i>	<i>Ábhar</i>	<i>Mí ar tugadh faoi deara</i>	<i>Tíortha ar tugadh faoi deara (Nr.)</i>
Óstálann an Úcráin bithshaotharlanna rúnda SAM (m.sh.)		Márta 2022	22
Níor bhuamáil an Rúis ospidéal Mariupol agus chruthaigh fórsaí na hÚcráine an t-ionsaí (m.sh.)		Márta 2022	20
Scaip meáin an Iarthair nuacht bhréagach faoin chogadh san Úcráin (m.sh.)		Márta 2022	20
Chruthaigh fórsaí na hÚcráine na radhairc uafásacha a taifeadadh i mBucha (m.sh.)		Aibreán 2022	20
Físeáin/íomhánna/nuacht a léiríonn úsáid cóicín Zelensky (m.sh.)		Aibreán 2022	20
D'éag go tobann, "clár faisnéise" faoi vacsaíní Covid-19 ag scaipeadh teoiricí comhcheilge agus bréagnuacht/eolas míthreorach faoin vacsaíniú (m.sh.)		Samhain 2022	20
Éilimh mhíthreoracha faoi fheidhmeannach Pfizer ag admháil nár thástáil an chomhlacht a vacsaíní COVID-19 i gceart (m.sh.)		Deireadh Fómhair 2022	19
Físeán a thaispeáin Rúisigh i scuaine 35 km ag teorainn na Fionlainne tar éis do Putin slógadh páirteach a fhógairt (m.sh.)		Meán Fómhair 2022	16
Físeáin agus pictiúir gan-chomhthéacs a bhaineann le hagóidí feirmeoirí frithrialtais san Ísiltír (m.sh.)		Iúil 2022	16
Tá léarscáileanna aimsire á n-ionramháil chun áibhéil a dhéanamh ar athrú aeráide (m.sh.)		Iúil 2022	15



Tagann sé chun solais go soiléir ón liosta go raibh an **cogadh san Úcráin**, go háirithe ina chéad mhíonna, ina ábhar **don bhréagnuacht is víreasáí a braitheadh**. I go leor cásanna bhain an bhréagnuacht seo macalla as bolscaireacht na Rúise (mar shampla faoi bhuamáil ospidéil Mariupol, sléacht Bucha agus bithshaotharlanna rúnda SAM).

Gan amhras **is é bréagaisnéis ar son na Rúise an feiniméan mór bréagaisnéise** a bhaineann leis an chogadh, ach bhraith faisnéisí míosúla EDMO **roinnt bréagaisnéise frith-Rúiseach agus/nó ar son na hÚcráine freisin** (mar shampla, ag déanamh áibhéil ar fheiniméan reatha na Rúiseach óga atá ag teitheadh ón tír ionas nach ndruchtófar iad).

Tháinig bréagaisnéis a bhaineann le COVID-19 roinnt nuacht bhréagach víreasach a bhraith na faisnéisí míosúla EDMO. Is dócha gur scaipeadh na samplaí is ábhartha ag tús na paindéime in 2020, nuair nár foilsíodh na faisnéisí míosúla EDMO go fóill.

MODHEOLAÍOCHT

Bailíodh an t-eolas atá san fhaisnéis seo ag déanamh anailíse ar na 18 bhfaisnéisí míosúla EDMO a foilsíodh faoi dheireadh 2022 (<https://edmo.eu/fact-checking-briefs/>) Tréimhse tagartha: Meitheamh 2021-Samhain 2022. Príomheagarthóir: Tommaso Canetta, Pagella Politica/Facta.news.

Chun tuilleadh eolais a fháil: t.canetta@pagellapolitica.it.



Tá maoiniú faighte ag EDMO ón Aontas Eorpach
faoi uimhir an Chonartha : LC-01935415